Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0001(NLE)**

**5111/24**
**ADD 1**

**CORDROGUE 1**
**SAN 8**
**RELEX 10**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Eanáir 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 2 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa 67ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí faoin gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú ag Prótacal 1972, agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 2 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 2 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.1.2024
COM(2024) 2 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa 67ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí faoin gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú ag Prótacal 1972, agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971**

## IARSCRÍBHINN

An seasamh atá le glacadh ag na Ballstáit atá ina gcomhaltaí den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, chun leasa an Aontais le linn an 67ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha is beartaithe a thionól ón 14 go dtí an 22 Márta 2024 maidir le hathruithe ar raon feidhme rialaithe na substaintí:

(1) Tá brómasólam le cur le Sceideal IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(2) Tá bútainíotaiséin le cur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(3) Tá 3-Clóraimeatcáitíonón (3-CMC) le cur le Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(4) Tá dépheintiolón le cur le Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(5) Tá 2-fluaraideasclóraicéataimín (2-FDCK) le cur le Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.